Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2019
(OR. en)

9132/19

| | |
|---|---|
| DEVGEN 101 | AGRI 249 |
| POLGEN 98 | PECHE 233 |
| SUSTDEV 83 | SOC 352 |
| RELEX 472 | ASIM 60 |
| ACP 55 | RECH 252 |
| WTO 134 | TELECOM 213 |
| ENV 472 | TRANS 321 |
| CFSP/PESC 359 | ENER 260 |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Bealtaine 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8529/19 |
| Ábhar: | Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt (PCD)<br>- Conclúidí ón gComhairle (16 Bealtaine 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt (PCD), a ghlac an Chomhairle ag an 3690ú cruinniú a bhí aici ar an 16 Bealtaine 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt (PCD)**

1. Daingníonn an Chomhairle tiomantas an Aontais don Chomhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt (PCD) agus meabhraíonn sí an oibleagáid atá sa Chonradh cuspóirí an chomhair um fhorbairt a chur san áireamh sna beartais inmheánacha agus sheachtracha uile ar dócha go mbeidh tionchar acu ar thíortha atá i mbéal forbartha. Cuireann an Chomhairle i dtreis tábhacht PCD mar chuid bhunúsach den mhéid a dhéanann an tAontas Eorpach chun spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) Chlár Oibre 2030 a bhaint amach. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin gur den tábhacht é go mbeidh cur chuige comhtháite comhordaithe ann maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais ionas gur féidir Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme ar fud an domhain[1].

2. I bhfianaise an mhéid sin, is díol sásaimh don Chomhairle Tuarascáil 2019 an Aontais maidir le PCD, ina ndéantar an dul chun cinn atá déanta i ndáil le PCD thar thréimhse 2015-2018 sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais araon a bhreithniú[2]. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an Tuarascáil Sheachtrach ar PCD an Aontais (2009-2016) chomh maith le hobair leantach an Choimisiúin[3].

3. Molann an Chomhairle an Coimisiún as PCD a thabhairt isteach ina obair fhoriomlán ar chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus is díol sásaimh di a iarrachtaí i leith sineirgí idir beartais earnálacha éagsúla an Aontais a mhéadú. Is díol sásaimh don Chomhairle an cur chuige nua i leith PCD, go háirithe an cumhdach níos fairsinge atá aige, a théann níos faide ná na cúig dhúshlán straitéiseacha thraidisiúnta (trádáil agus airgeadais, an t-athrú aeráide, an tslándáil bia, an imirce agus an tslándáil). Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an úsáid a bhaintear as scagadh PCD a leathnú a thuilleadh i dtionscnaimh bheartais ábhartha amach anseo. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún freisin bearta nithiúla a ghlacadh chun PCD a neartú i mbeartais earnálacha an Aontais, a léireoidh raon níos leithne agus cineál uilíoch Chlár Oibre 2030 agus na hidirnaisc idir na SDGanna. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí agus an Chomhairle a chur ar an eolas go rialta maidir leis an dul chun cinn.

---

[1] An Chomhthoil Eorpach um Fhorbairt (9459/17) agus an Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh (13202/16)
[2] 5806/19
[3] 6961/19 - SWD (2019) 88 final

4. Aithníonn an Chomhairle an luach breise a ghabhann le PCD mar mheán tábhachtach chun na SDGanna a bhaint amach agus an chaoi a gcuireann sé ar bhealach tábhachtach le cuspóir ginearálta an Chomhtháthaithe Beartais ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe (PCSD) agus measann an Chomhairle gur cheart leanúint d'aird ar leith a thabhairt do PCD. Tugann an Chomhairle dá haire an tsoiléireacht bhreise a thugtar do choincheap PCD sa tuarascáil ón gCoimisiúin, agus ba dhíol sásaimh di anailís agus ardú feasachta breise maidir leis an idirchaidreamh idir PCD agus PCSD. Chun na SDGanna a bhaint amach is gá beartais fhónta a fhoirmliú, buiséadú leordhóthanach do na beartais fhónta sin agus measúnú rialta a dhéanamh orthu, ag cur san áireamh aon tionchair a d'fhéadfaí a imirt ar thíortha i mbéal forbartha ón uair a thosaítear ar a bhfoirmliú.

5. Braitheann cur chun feidhme PCD ar chomhúinéireacht agus comhfhreagracht ghníomhaithe uile an Aontais, lena n-áirítear na Ballstáit. Aithníonn an Chomhairle an ríthábhacht a ghabhann leis an toil pholaitiúil chun PCD a bhaint amach agus athdhearbhaíonn sí a rannpháirtíocht pholaitiúil maidir le cuir chuige uile-rialtais a chur chun cinn, d'fhonn maoirseacht pholaitiúil agus iarrachtaí ar chomhordú a áirithiú ar gach leibhéal, agus chun tacú le foirmliú beartais agus cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise le haghaidh chur chun feidhme SDGanna. Tá meicníochtaí agus uirlisí láidre comhordúcháin den riachtanas i gcónaí ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát chun beartais a scrúdú agus chun PCD a chur i bhfeidhm go héifeachtach i gcomhthéacs chur chun feidhme Chlár Oibre 2030. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin an tábhacht a ghabhann le hidirphlé feabhsaithe leis na páirtithe leasmhara uile amhail údaráis áitiúla agus réigiúnacha, an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD).

6. Cé go n-aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta maidir le PCD, iarrann sí iarrachtaí breise chun a áirithiú go gcuirfear san áireamh, i mbeartais nach mbaineann le forbairt, cuspóirí forbartha tíortha comhpháirtíochta, ionas go n-íoslaghdófar tionchair dhiúltacha. Ag an am céanna, cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá díriú ar inbhuanaitheacht, ar chúinsí buntáisteacha a chruthú don uile taobh, agus ar thionchar dearfach bheartais an Aontais ar thíortha i mbéal forbartha a fheabhsú, lena n-áirítear trí shineirgí a chur chun cinn agus na comhbhabhtálacha idir na beartais éagsúla a laghdú.

7. Iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin, ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus ar na Ballstáit úsáid níos fearr agus níos córasaí a bhaint as na huirlisí agus na meicníochtaí atá ann cheana féin, go háirithe as measúnuithe ex-ante[4] ag céimeanna tosaigh gach togra beartais agus gach togra reachtaigh. Ba cheart a chur san áireamh sna measúnaithe na tionchair thrasteorann roimh chur chun feidhme tograí beartais agus reachtacha, lena linn agus ina dhiaidh.

8. Tá ról thoscaireachtaí an Aontais, i ndlúthchomhar le hambasáidí na mBallstát, ríthábhachtach i gcónaí maidir le faireachán a dhéanamh ar iarrachtaí PCD agus ar bheartais an Aontais i dtíortha comhpháirtíochta. Molann an Chomhairle do na Ballstáit, do sheirbhísí an Choimisiúin agus do SEGS an fhor-rochtain maidir le PCD a fheabhsú, a n-iarrachtaí ábhartha a bheith níos infheicthe agus, más iomchuí, PCD a áireamh ina n-idirphlé polaitiúil le tíortha comhpháirtíochta.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle na dlúthnaisc idir Tuarascáil 2019 an Aontais maidir le Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt agus *"Towards a Sustainable Europe by 2030"* [I dtreo Eoraip Inbhuanaithe faoi 2030]. Ba cheart go bhfanfadh PCD mar ghné thábhachtach d'iarrachtaí an Aontais Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil Tuarascáil PCD mar chuid de thuairisciú cuimsitheach an Aontais ar a rannchuidiú le cur chun feidhme Chlár Oibre 20320 gona 17 SDG agus tá sí ag súil leis an gcéad tuairisciú ag an bhFóram Ardleibhéil Polaitíochta in 2019.

---

4 Amhail Measúnuithe ar Thionchar Rialála agus Anailís ar Thionchar Comhshaoil agus Sóisialta.